Iniúchtaí eolaíochta na bunscoile
https://rsc.li/3AD3Y7C

# Lámh aisteach

why& how? PRIMARY SCIENCE TEACHING TRUST

ROYAL SOCIETY OF CHEMISTRY

# Lámh aisteach

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

Iniúchadh ar athrú do-aisiompaithe.






# Cuspóirí foghlama

## Tuiscint

- Táim in ann cur síos a dhéanamh ar an difríocht idir athrú in-aisiompaithe agus athrú do-aisiompaithe.
- Tuigim go dtáirgeann imoibrithe ceimiceacha ábhair nua.
- Tá a fhios agam nuair a mheasctar fínéagar agus décharbónáit sóidiam go bhfuil gás ar a dtugtar dé-ocsaíd charbóin ar cheann de na rudaí a dhéantar.
- Tuigim go bhforbraíonn (méadaíonn) gáis chun cruth a ngabhdáin a ghlacadh.

## Scileanna taighde

- Táim in ann torthaí a úsáid chun tuartha a dhéanamh chun tástálacha comparáideacha agus cothroma eile a ullmhú.



# Foclóir áisiúil

- **Athrú in-aisiompaithe:** athrú nuair nach gcruthaítear aon ábhar nua agus inar féidir an bunábhar a athshlánú.
  An féidir libh smaoineamh ar shamplaí díobh sin?



- **Athrú do-aisiompaithe:** athrú ceimiceach nuair a chruthaítear ábhair nua.
  An féidir libh smaoineamh ar shamplaí díobh sin?





# Foclóir áisiúil

- **Forbairt:** bogadh óna chéile nó éirí níos mó.

- **Gás:** ‘staid ábhair’ ina mbíonn an-fhuinneamh ag cáithníní agus spásanna móra eatarthu. Glacfaidh gás cruth pé gabhdán ina bhfuil sé agus sreabhfaidh sé.



- **Athróg:** rud éigin a mbreathnaítear air nó a thomhaistear i dturgnamh eolaíochta.
  An féidir libh smaoineamh ar shamplaí díobh sin?



# Modh

1. Cuirigí fínéagar sa chrúsca.



2. Cuirigí décharbónáit sóidiam i méara na lámhainne.



3. Cuirigí bun na lámhainne os cionn an chrúsca go cúramach.



4. Doirtigí an púdar ón lámhainn isteach sa chrúsca.



# Ár dturgnamh a phlé

- Céard a thuarann sibh a tharlódh dá n-úsáidfí lámhainn níos tibhe?
- Cén chaoi a bhfuil a fhios againn gur imoibriú do-aisiompaithe é seo?
- Cén chaoi a bhfuil a fhios agaibh gur táirgeadh gás?
- Céard a tharlódh dar libh dá gcuirfí uisce leis an bhfínéagar ar dtús, nó dá n-athrófaí líon na décharbónáite sóidiam?
- An féidir libh smaoineamh ar aon imoibrithe ceimiceacha eile a tháirgeann dé-ocsaíd charbóin?
- An bhfeiceann sibh aon athrú ar an leacht?





# Meastóireacht

Céard a cheapann sibh faoinár g**cuspóirí foghlama** inniu?

- Tuigim go dtáirgeann imoibrithe ceimiceacha ábhair nua.
- Tá a fhios agam nuair a mheasctar fínéagar agus décharbónáit sóidiam go bhfuil gás ar a dtugtar dé-ocsaíd charbóin ar cheann de na rudaí a dhéantar.
- Tá a fhios agam go bhfuil formhór na n-imoibrithe ceimiceacha do-aisiompaithe.
- Tuigim go bhforbraíonn (méadaíonn) gáis chun cruth a ngabhdáin a ghlacadh.

An féidir libh an difríocht idir athrú in-aisiompaithe agus athrú do-aisiompaithe a mhíniú, agus samplaí a thabhairt?

Má tá sibh muiníneach gur féidir, sínigí cúig mhéar in airde, nó sínigí méar amháin más fearr libh an ceacht a phlé arís.





# Buíochas

Sleamhnáin 2, 6 agus 7: íomhánna © Royal Society of Chemistry
Sleamhnán 4: foinse íomhá 1: pixabay.com (ní theastaíonn admháil); íomhá 2 © EKramerl/Shutterstock
Sleamhnán 5: foinse na híomhá: pixabay.com (ní theastaíonn admháil)
Sleamhnán 8: íomhá © Sichonl/Shutterstock